

Ábhar

**Fóin Phóca agus Teachtaireachtaí
Téacs**

Téacsanna Léitheoireachta

An Téacsáil Thuarthach

Foinse, 7 Feabhra 2009

(Le caoinchead ó *Foinse*).

**Sliocht as an suíomh gréasáin
www.teacs.ie**

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Fóin Phóca agus Teachtaireachtaí Téacs

Téacs 1: Réamhobair

Beidh tú ag léamh píosa ar ball faoi bheith ag seoladh teachtaireachtaí téacs i nGaeilge. Ar dtús déan an réamhobair seo.

Tascanna

- Déan ransú intinne le do ghrúpa ar aon stór focal a mheasann sibh a bheadh cabhrach daoibh i bplé faoi fhóin phóca agus teachtaireachtaí téacs. Ansin roinnigí bhur gcuid focal leis na grúpaí eile.
- Scríobhaigí cúpla líne eadraibh a d'fhéadfaí a úsáid chun míniú a thabhairt do dhuine eile ar cad atá i gceist le téacsáil thuarthach. Caithfidh an cur síos a bheith soiléir ach gonta.

Plé

- An mbaineann tú mórán úsáide as an tseirbhís téacs ar d'fhón póca?
- An seolann tú riamh téacsanna i nGaeilge? An mbaineann aon dúshláin le seoladh téacsanna i nGaeilge?
- An mbaineann tú úsáid as téacsáil thuarthach?
- An mbeadh a fhios agat conas síneadh fada a chur ar litir i dteachtaireacht téacs? Ar ríomhaire? An bhféadfá míniú ar thabhairt ar conas plé leis an síneadh fada ar ríomhaire?

Téacs 1: Léamh agus Feasacht Teanga

Anois léigí an téacs le chéile agus déanaigí na cleachtaí thíos.

- ‘is cosúil anois go raibh muid níos fearr as’ – an dóigh leat gur frása dúchasach Gaeilge é seo nó an aistriúchán díreach ón mBéarla é? An bhfuil aon tslí eile ar eolas agat chun an smaoinemh sin a chur in iúl? Seo samplaí eile an-choitianta den chineál sin aistriúcháin – an féidir leat feabhas a chur orthu? ‘ní raibh aon pointe dom dul abhaile’, ‘tá sé suas duit féin’, ‘an bhfuil sé sin leatsa?’
- ‘ag cur fad le do bhille fóin’: an dtuigeann tú an difear idir ‘fad’, ‘ar fhad’, ‘ar fad’? Cuir in abairtí iad a léireodh an difear.
- ‘Má chuireann tú an stró ort féin’ – an bhfuil aon leaganacha eile agat chun an rud céanna a rá?
- ‘dúbailt airgid á ghearradh ort’: An bhfuil Gaeilge agat ar na leaganacha seo: *triple the money, a third of the money, half of the money, a quarter of the money, 10% of the money, a tenth of the money.*
- ‘Rudaí deacra’: athraíonn ‘deacair’ go ‘deacra’ – cad atá ar eolas agat faoin athrú seo? An dtuigeann tú an focal ‘coimriú’? An féidir leat na focail seo a chur san iolra: ‘domhain’, ‘álainn’, ‘ramhar’?

- ‘teic-Ghaeil chainteacha’ / ‘carachtair bhreise’: Cén fáth a bhfuil séimhiú ar na haidiachtaí sna samplaí sin? Cuir an aidiacht ‘deas’ leis na hiolraí seo: ‘fir’, ‘amhráin’, ‘daoine’, ‘mná’, ‘tíortha’, ‘leathanaigh’, ‘bileoga’, ‘leabhair’.
- An féidir leat an leagan Gaeilge de na frásaí seo a leanas a aimsiú sa dá alt dheireanacha? *you only have to, you might as well, if you decide to.*

Téacs 1: Tascanna

Áras @ 8, Tú ceann8?
GRMA, a #

Seo samplaí a luann an t-iriseoir de ghiorrúcháin ar theachtaireachtaí téacs i nGaeilge. An bhfuil aon chinn eile ar eolas agat? Cén tionchar, dar leat, a bheadh ag canúint duine ar na giorrúcháin? Cén chanúint atá i gceist le ‘ceann8’?

Anois féach ar na cinn thíos – an féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt cad iad na focail ata i gceist?

Dán grá

V mé 3na Kle le 7N
Ach V2 ann an* a #
7 6 2 mo * gan L8

GRMMA
CGL
MGL
Fadhb r b
Chor ar b
SGF

9L is am
E va
E y
an va
an y
an ro
an rav
K wil 2

Féach ar na cinn sa ghrúpa deireanach thuas. Cén chanúint lena mbaineann gach ceann?

Tá tuilleadh samplaí ar an suíomh gréasáin
<http://www.mutones.co.uk/html/txtsurvey.php> agus seans ann duitse do chuid samplaí féin a chur leis an liosta.

An dóigh leat go bhfuil na giorrúcháin a mbaineann daoine úsáid astu i dteachtaireachtaí téacs tar éis dochar a dhéanamh do scríobh na teanga (sa Bhéarla)?

Téacs 2: Réamhobair

- Beidh tú ag léamh cur síos ar ball ón suíomh gréasáin www.teacs.ie faoin tseirbhís a chuireann *Vodafone* ar fáil chun téacsáil thuarthach a úsáid ar d'fhón. Beidh na focail seo a leanas sa téacs.

to install
ways of inputting text
WAP browser
network cost
downloading
network provider
access point
an application
options menu
tab
performance
screen
menu
shortcut

Cad a shíleann tú de na focail seo? An dóigh leat go bhfuil siad ‘deacair’? An dóigh leat go mbeidís deacair le tuiscint dá bhfeicfeá i nGaeilge iad? Cén fáth?

(mar eolas: tá *Foclóir Ríomhaireachta is Teicneolaíochta Faisnéise* ar fáil ar an suíomh gréasáin www.acmhainn.ie agus tá sé ar fáil ar dhlúthdhiosca chomh maith. Samplaí d’fhoclóirí eile atá ar fáil ná *Foclóir Eolaíochta*, *Foclóir Fiseolaíochta agus Sláinte*, *Foclóir Geolaíochta agus Geoifisice*, *Foclóir Réalteolaíochta*, *Téarmaí Teilifíse agus Raidió*).

Téacs 2: Léamh

Anois léigh an píosa. An féidir leat an leagan Gaeilge de na focail thuas a fháil ann? An raibh sé níos fusa na focail a thuiscint an uair seo? Cad a insíonn sin duit faoi straitéisí léitheoireachta? Conas is fearr úsáid a bhaint as foclóir nó gluais agus tú ag léamh?

Téacs 2: Feasacht Teanga

‘aon mhodh’

Cuir Gaeilge ar na frásaí seo:

- I have no opinions.
- Do you have any complaints?
- I have no trust in her.
- I have no time.

- Have you got any job for the summer?
- Have you got any problems?

Bí cúramach leis seo – ceann de na botúin choitianta a dhéantar sa Ghaeilge ná an séimhiú a fhágáil ar lár tar éis ‘aon’.

Téacs 2: Tasc

Scríobh píosa dar teideal ‘na míbhuntáistí a bhaineann le teachtaireachtaí téacs’. Déan ransú intinne agus ullmhúchán leis an duine in aice leat ar dtús. Bain úsáid as an mbunachar téarmaí www.focal.ie má tá téarma in easnamh ort.

Téacs 1

Bille dúbailte ag téacsóirí Gaeilge Foinse 7 Feabhra 2009

An raibh a fhios agat go bhfuil sínte fada ag cur fad le do bhille fóin? Má chuireann tú an stró ort féin téacsanna a sheoladh trí Ghaeilge bí ar an eolas go bhféadfadh go bhfuil dúbailt airgid á ghearradh ort má úsáideann tú síneadh fada. Don chuid againn nár éirigh linn an fada a aimsiú ar an bhfón póca fós (meas tú an bhfuil sé istigh faoi *settings*?) is cosúil anois go raibh muid níos fearr as.

De ghnáth glactar leis gurb ionann téacs amháin agus 160 litir nó carachtar ach is cosúil nach gcuireann sé sin sínte fada san áireamh. Ú! Á!

Má chuirtear síneadh fada isteach sa téacs glactar leis gurb ionann téacs amháin agus 70 litir mar go dteastaíonn níos mó spáis lena sheoladh. Dá bhrí sin bainfear luach dhá théacs díot má tá sé níos faide ná 70 litir agus síneadh fada ann.

Is é an fáth atá leis seo, is cosúil, ná nach raibh an Ghaeilge san áireamh agus gnáth-aibítir na bhfón á bhforbairt. Díríodh ar an mBéarla agus cuireadh roinnt carachtar breise ann don Ghearmáinis agus don Fhraincis ach ní raibh sínte fada san áireamh. Tá sé seo fíor faoi na comhlachtaí fóin ar fad, an córas a sheol *Vodafone* agus Foras na Gaeilge ar teacs.ie le déanaí san áireamh.

Níl an scéal ró-dhona do na Gael-téacsóirí tostacha – fan faoi bhun 70 litir is ní bhainfear tada sa mbreis ort (m.sh. beidh tú ceart le rud éicint ar nós: Áras @ 8, Tú ceann8?).

Beidh na Gaeil nach bhfuil in ann rudaí deacra ar nós sínte fada a aimsiú ar an bhfón togha ach amháin sa chás go bhfuil téacs tuarthach Gaeilge acu a aimsíonn an síneadh fada dóibh.

Ach tá na teic-Ghaeil chainteacha atá tugtha don téacsáil i dtrioblóid. Seo iad na daoine a chuireann téacsanna móra fada (**some text missing**) is atá coinsiasach faoi litriú agus, seo an pointe is tábhachtaí, coinsiasach faoi shínte fada.

Ní gá ach síneadh fada amháin a chur isteach i dteachtairacht le méid na teachtaireachta atá ceadaithe mar théacs amháin a ghearradh ina leath. Má tá ceann úsáidte agat i do théacs tá sé chomh maith agat luach do chuid airgid a fháil is sínte fada a chaitheamh isteach ar nós cuma liom.

De ghnáth luann na comhlachtaí fóin praghas le téacs a sheoladh, téacs amháin ar 11c nó 13c nó mar sin. Ach ní hionann gach cineál téacs. Má shocraíonn tú Annálacha na gCeithre Máistrí a sheoladh, mar shampla, nó cur síos mion a dhéanamh ar an staic a casadh ort Dé Sathairn gearrfar níos mó ná 13c ort.

An chomhairle – coinnigh gairid é agus déan neamhaird ar an síneadh fada. Rud éigin cosúil le, GRMA a #.

www.foinse.ie

Téacs 2

www.teacs.ie

Is féidir Téacs a shuiteáil ar fhormhór mór na bhfón póca atá ar an margadh, agus ní chuirfidh sé isteach ar aon mhodh iontrála téacs atá ar d'fhón cheana.

Téigh go dtí <http://wap.teacs.ie/> ar bhrabhsálaí WAP nó gréasáin do ghutháin.

Lean na treoracha a thiocthaidh aníos.

Tá Téacs féin á chur ar fáil saor in aisce, ach féadfaidh go ngabhfaidh costas líonra leis an íosládáil, ag brath ar do sholáthróir líonra agus ar do chonradh.

Má iarrtar ort pointe rochtana a roghnú, ba chóir duit cibé ceann a mholann do sholáthróir líonra a roghnú.

Más custaiméir *Vodafone* tú, roghnaigh *Vodafone live!* mar phointe rochtana. Murar custaiméir *Vodafone* tú, téigh chuig suíomh gréasáin do sholáthróra líonra chun a fháil amach cé na táillí a bheidh ann.

Oscail Téacs ar d'fhón mar a d'osclofá cluiche nó feidhmchlár Java go hiondúil. Cé nach dócha go dtarlóidh fadhb agus Téacs á íoslódáil agat, má tharlaíonn aon fhadhb:

- Glan an taisce ar bhrabhsálaí Idirlín do ghutháin trí chlár roghanna do bhrabhsálaí a úsáid.
- Múch d'fhón agus ansin cuir ar siúl arís é.
- Faoin gcluaisín 'Gutháin Oiriúnacha', seiceáil an bhfuil d'fhón oiriúnach agus cén fheidhmíocht atá luaite leis.
- Seol ríomhphost chuig aiseolas@teacs.ie má tá deacracht fós agat.
- Tá cabhair ar fáil ar d'fhón ar gach scáileán ach brú ar 'Cabhair' faoin roghchlár.
- Is mór is fiú feidhmchlár Téacs a chur mar aicearra le go mbeidh tú in ann teacht air go tapa. Féach ar an leabhrán don úsáideoir a tháinig le d'fhón chun a fháil amach conas é seo a dhéanamh.

Míniúchán ar na Giorrúcháin

V mé 3na Kle le 7N
Ach V2 ann an8 a #
7 6 2 mo * gan L8

GRMMA
CGL
MGL
Fadhb r b
Chor ar b
SGF

9L is am
E va
E y
an va
an y
an ro
an rav
K wil 2

Bhí mé trína chéile le seachtain
Ach bhí tú ann anocht a thaisce
Agus 'sé tú mo réalt gan locht.

go raibh míle maith agat
ceart go leor
maith go leor
fadhb ar bith
ar chor ar bith
slán go fóill

níl a fhios agam (canúint Chonnacht)
oíche mhaith (canúint na Mumhan)
oíche mhaith (canúint Uladh)
an-mhaith (canúint na Mumhan)
an-mhaith (canúint Uladh)
an raibh? (canúint Chonnacht)
an raibh? (canúint na Mumhan)
cén chaoi a bhfuil tú?